Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
7 Bealtaine 2020

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

Cinneadh ón gComhairle an 6 Bealtaine 2020 lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 .......... 1

GA

* Faoin tagairt C 152 I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE

**an 6 Bealtaine 2020**

**lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020**

(2020/C 152 I/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

— glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2020 go cinntitheach an 27 Samhain 2019 ([2]);

— thíolaic an Coimisiún togra, an 15 Aibreán 2020, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2020;

— tá brú méadaithe ar chúrsaí airgeadais na mBallstát mar thoradh ar an méid atá ag titim amach le COVID-19, lena n-áirítear bearta a rinneadh le déanaí a bhfuil maoiniú breise don bhuiséad ag teastáil ina leith. Tá glacadh tapa dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2020, a dhéanfaidh an barrachas ón mbliain airgeadais 2019 a iontráil sa bhuiséad do 2020, ag teastáil d'fhonn an t-ioncam sin a chur san áireamh a luaithe is féidir chun críche iontrálacha acmhainní dílse. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le giorrú a dhéanamh ar an tréimhse ocht seachtaine maidir leis an bhfaisnéis do Pharlaimintí náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 a ghlacadh an 6 Bealtaine 2020.

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 57, 27.2.2020, lch. 1.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

G. GRLIĆ RADMAN

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA